# RAISING VOICES

## Comhaltachtaí Raising Voices – Ceisteanna Coitianta

**Cad atá i gceist le Comhaltacht Raising Voices?**

Tá sé mar aidhm ag Comhaltacht Raising Voices tacaíocht agus deiseanna forbartha a thabhairt d'ealaíontóirí ardaidhmeannacha, ar ealaíontóirí iad a chruthaíonn saothair do pháistí agus d'aosaigh óga agus atá faoi ghannionadaíocht i réimse na litríochta.

Seo a leanas ár n-aidhmeanna:

- deireadh a chur leis na constaicí ar an bhfoilsiú, an dul chun cinn agus an cuimsiú
- an éagsúlacht agus ionadaíocht in earnáil litríochta na hÉireann a mhéadú

Cuirfear tús le Comhaltacht Raising Voices i mí Eanáir 2025 agus beidh sí ar siúl go dtí mí na Samhna 2025. Roghnófar seisear scríbhneoirí agus/nó maisitheoirí (Comhaltaí) do chlár de thacaíochtaí cruthaitheacha agus praiticiúla. Ina measc sin beidh:

- Meantóireacht ó scríbhneoir nó maisitheoir a bhfuil taithí aige/aici/acu
- Critíc mhionsonraithe ó eagarthóir nó stiúrthóir ealaíne atá oiriúnach do chleachtas an Chomhalta
- Cónaitheacht in Ionad Tyrone Guthrie in Eanach Mhic Dheirg
- Seóthaispeántas mar chuid d'Fhéile Leabhar Bhaile Átha Cliath le críochphointe an togra a chomóradh
- Rochtain ar shraith cainteanna saincheaptha, clinic eolais faoi sparánachtaí leis an gComhairle Ealaíon agus imeachtaí agus cúrsaí éagsúla eile
- Grianghrafadóireacht phroifisiúnta chun seatanna cinn a thabhairt do Chomhaltaí ar mhaithe le poiblíocht agus iad ag leanúint orthu ar a n-aistir fhoilsitheoireachta.
- Deiseanna teagmhála leis an gcomhphobal ag maidineacha caife d'ealaíontóirí agus imeachtaí sóisialta eile eagraithe ag Leabhair Pháistí Éireann
- Ceangail leanúnacha leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta
- Uirlisí, eolas agus treoir le lámhscríbhinn nó eagrán samplach de leabhar a thabhairt chun críche, saothar a ullmhú le cur faoi bhráid foilsitheoirí agus gníomhairí, taighde a dhéanamh ar an margadh, ceangail ghairmiúla a dhéanamh, iarratais a chur isteach ar sparánachtaí, srl.

Tá an clár ceaptha chun tuiscint mhaith a thabhairt do chomhaltaí ar pháirtithe leasmhara tábhachtacha san earnáil agus iad a chur i dteagmháil le comhphobal fáilteach scríbhneoirí, maisitheoirí, foilsitheoirí agus díoltóirí leabhar. Tabharfar na huirlisí, an tacaíocht agus an t-eolas go léir do Chomhaltaí a bheidh de dhíth chun cabhrú leo lámhscríbhinn nó eagrán samplach de leabhar a thabhairt chun críche, saothar a ullmhú le cur faoi bhráid foilsitheoirí agus gníomhairí, taighde a dhéanamh ar an margadh, ceangail ghairmiúla a dhéanamh, iarratais a chur isteach ar sparánachtaí, srl.

Tuigimid go bhféadfadh bacainní airgeadais a bheith le sárú ag comhaltaí. Tá na comhaltachtaí maoinithe go hiomlán agus tá méid áirithe airgid ar fáil freisin don tseachtain chónaitheachta chun costais chúraim leanaí/costais taistil/caillteanas ioncaim a chlúdach chomh maith le costais a bhaineann le cruinnithe, taisteal agus lóistín nuair is gá.

**Cé a reáchtálann Comhaltachtaí Raising Voices?**

Reáchtálann grúpa d'eagraíochtaí litríochta na comhaltachtaí, grúpa a bhfuil Leabhair Pháistí Éireann, Illustrators Ireland, Publishing Ireland, Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath agus Ionad Tyrone Guthrie in Eanach Mhic Dheirg mar chuid de. Is iad Leabhair Pháistí an phríomheagraíocht agus is iad an phríomhphointe teagmhála iad.

**An bhfuil mé incháilithe don Chomhaltacht Raising Voices?**

Is le haghaidh na scríbhneoirí agus maisitheoirí seo a leanas atá an Chomhaltacht Raising Voices:

- daoine a chruthaíonn saothair do pháistí agus aosaigh óga, lena n-áirítear ficsean, neamhfhicsean (neamhfhicsean cruthaitheach ina measc) agus filíocht, i mBéarla nó i nGaeilge
- daoine a bhfuil lámhscríbhinn iomlán acu nó creat de phictiúrleabhar/leabhar maisithe
- daoine as cúlraí nó pobail atá imeallaithe agus/nó faoi ghannionadaíocht sa litríocht do pháistí agus aosaigh óga
- daoine nach bhfuil saothar foilsithe acu go fóill nó nach bhfuil conradh faighte acu le foilsitheoir nó gníomhaire
- daoine a bhfuil cónaí orthu ar bhonn buan in Éirinn nó i dTuaisceart na hÉireann

Táimid sásta ceisteanna maidir le hincháilitheacht a fhreagairt. Tá na Comhaltachtaí ceaptha a bheith chomh cuimsitheach agus is féidir, mar sin in áit liosta cuimsitheach de chritéir dhiana a chur ar fáil, iarraimid ar na scríbhneoirí agus maisitheoirí a dhéanann iarratas cur síos orthu féin mar ealaíontóirí 'faoi ghannionadaíocht'. Tuigimid go dtugann na hAchtanna um Stádas Comhionann cosaint dhlíthiúil ar idirdhealú ar fhorais éagsúla, lena n-áirítear cine, inscne, claonadh gnéasach, stádas pósta, stádas teaghlaigh, reiligiún, aois, míchumas agus ballraíocht den Lucht Siúil. Cuirimid fáilte freisin roimh iarratais ó dhaoine atá faoi ghannionadaíocht i ngeall ar a n-eitneacht, cúlra socheacnamaíoch, néara-éagsúlacht agus forais eile.

**An bhfuil costas i gceist?**

Níl, tá na Comhaltachtaí á maoiniú go hiomlán. Cuirfear an mheantóireacht go léir agus na tacaíochtaí eile ar fáil saor in aisce do na comhaltaí. Cuirfear méid áirithe airgid ar fáil freisin chun costais chúraim leanaí/costais taistil/caillteanas ioncaim a chlúdach don tseachtain chónaitheachta.

**Bímse ag scríobh i dteanga eile seachas Béarla/Gaeilge, an féidir liom iarratas a dhéanamh ar Chomhaltacht *Raising Voices* leis an saothar sin?**

Ní féidir, faraor; ní féidir linn glacadh ach le foirmeacha iarratais ó ealaíontóirí a bhíonn ag obair i mBéarla agus as Gaeilge.

**Cén áit ar féidir liom iarratas a dhéanamh ar an gComhaltacht Raising Voices?**
Cliceáil anseo chun teacht ar an bhfoirm iarratais. Glacfar le hiarratais go dtí an **Déardaoin 14 Samhain 2024 ag 3pm.**

Roghnóidh ionadaithe ó chúig eagraíocht chomhpháirtíochta agus triúr léitheoirí seachtracha (ealaíontóirí foilsithe nó saineolaithe ar an tionscal arb as comhphobail faoi ghannionadaíocht iad) na Comhaltaí. Déanfar teagmháil leis na hiarrthóirí a n-éireoidh leo ag deireadh mhí Eanáir 2025.

**Má tá aon cheist eile agat, seol ríomhphost chuig Aoife Murray, Programme and Events Manager, Leabhair Pháistí Éireann, aoife@childrensbooksireland.ie**